Cuntas Leithreasa 2017

# Vóta 6

# Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit

## Réamhrá

Tá dualgas orm mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 6 cuntas leithreasa an Vóta a ullmhú gach bliain agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste i gcomhair iniúchta.

Tá an cuntas iniata ullmhaithe agam i leith an méid a caitheadh ar thuarastail agus ar chostais Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit sa bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2017, de réir an cheanglais sin.

Tá comparáid déanta idir toradh an chaiteachais agus na suimeanna a dheonaigh Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa, 2017, lena n-áirítear an tsuim den chaiteachas don bhliain a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair.

Tá barrachas €348,872 dlite le géilleadh don Státchiste.

Is cuid den chuntas é an Ráiteas ar Bheartais agus ar Phrionsabail Chuntasaíochta agus nótaí 1 go 6.

## Ráiteas ar Bheartais agus ar Phrionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na beartais agus prionsabail chuntasaíochta chaighdeánacha maidir le cuntais leithreasa a réiteach i bhfeidhm agus an cuntas á ullmhú, ach amháin an méid seo a leanas:

***Speansais fhabhraithe***

Áirítear sna speansais fhabhraithe nótaí maidir le táillí abhcóidí a fuarthas ó abhcóidí atá faoi réir phróiseas meastóireachta agus measúnaithe chun leibhéal na dtáillí atá dlite a dhéanamh amach. Léiríonn fabhrú dheireadh na bliana dliteanais na dtáillí abhcóidí a ríomhadh nuair a tugadh an próiseas meastóireachta agus measúnaithe chun críche a scaoiltear laistigh de dhá mhí roimh dheireadh na bliana.

## Ráiteas ar le Rialú Inmheánach Airgeadais

***Freagracht maidir le Córas um Rialú Inmheánach Airgeadais***

Admhaím, mar Oifigeach Cuntasaíochta, an fhreagracht atá orm a chinntiú go bhfeidhmíonn agus go gcothaíonn an Oifig córas éifeachtach um rialú inmheánach airgeadais.

Cleachtaim an fhreagracht seo i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom agus mo fhreagrachtaí eile mar Cheann Oifige. Ní féidir le haon chóras um rialú inmheánach airgeadais ach deimhniú réasúnta agus ní deimhniú iomlán a thabhairt go bhfuil sócmhainní cosanta, idirbhearta údaraithe agus taifeadta go cuí agus go seachnaítear botúin nó neamhrialtachtaí nó go dtabharfaí faoi deara iad go tráthúil. Is próiseas leanúnach atá i gcothú an chórais um rialú inmheánach airgeadais agus déantar athbhreithniú rialta ar an gcóras agus ar a éifeachtúlacht.

***Dearbhú maidir le Seirbhísí Comhroinnte***

Tá mo chuid freagrachtaí maidir le ceanglais an Chomhaontaithe um Bhainistíocht Seirbhíse idir an Oifig seo agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte i dtaobh seirbhísí comhroinnte AD agus párolla comhlíonta agam.

Táim ag brath ar litir dhearbhaithe ó Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta na Seirbhísí Comhroinnte go bhfuil na rialaithe iomchuí curtha i bhfeidhm i ndáil le seirbhísí comhroinnte a chur ar fáil don Oifig seo.

***Timpeallacht um Rialú Airgeadais***

Dearbhaímse go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil na nithe seo a leanas mar chuid de:

- tá freagrachtaí airgeadais sannta ag leibhéal bainistíochta agus cuntasacht dá réir i gceist
- tá socruithe tuairiscithe bunaithe ag gach leibhéal ina bhfuil freagracht i gcomhair bainistíocht airgeadais sannta
- tá nósanna imeachta foirmiúla bunaithe chun laigí suntasacha rialúcháin a thuairisciú agus gníomh ceartúcháin chuí a chinntiú
- tá Coiste Iniúchta ann chun comhairle a chur orm agus mé ag comhlíonadh mo chuid freagrachtaí maidir leis an gcóras um rialú inmheánach airgeadais
- tá fianaise coinnithe ar nósanna imeachta i ndáil le príomhphróisis ghnó
- tá córais i bhfeidhm chun sócmhainní a chosaint.

***Rialúcháin Riaracháin agus Tuairisciú Bainistíochta***

Dearbhaím go bhfuil creat nósanna imeachta riaracháin agus tuairiscithe bainistíochta rialta i bhfeidhm lena n-áirítear deighilt dualgais agus córas tarmligthe agus cuntasachta, agus go háirithe go bhfuil

- córas buiséadaithe iomchuí ann agus buiséad bliantúil a bhíonn faoi athbhreithniú ag bainistíocht shinsearach
- athbhreithniú rialta á dhéanamh ag lucht bainistíochta sinsearaí ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla a léiríonn feidhmíocht airgeadais in aghaidh meastachán
- córas bainistíochta riosca i bhfeidhm taobh istigh den Oifig
- córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú
- treoirlínte rialaithe infheistíochta caipitil iomchuí ann, chomh maith le rialacha foirmiúla um bhainistiú tionscadail.

***Comhlíonadh maidir le soláthar***

Cinntíonn an Oifig go gcuirtear béim chuí ar dhea-chleachtas maidir le ceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun a chinntiú go mbítear ag comhlíonadh na dtreoirlínte ábhartha ar fad. Chloígh an Oifig leis na treoirlínte seachas i gcás trí chonradh déag arbh ionann a luach agus €1,037,693 a bhí liostaithe i mo thuairisceán bliantúil i leith Chiorcláin 40/2002. Bhain seacht gconradh arbh ionann a luach agus €369,963 le híocaíochtaí chuig soláthróirí aonair. Sna sé cásanna eile arbh ionann a luach agus €667,730, bhí socruithe conartha áitiúla i bhfeidhm a bhí contrártha leis na teoirlínte náisiúnta soláthair. Tá an próiseas tairisceana tugtha chun críche ag an Oifig le haghaidh cheann de na míreanna caiteachais is suntasaí ann agus tá idirbheartaíochtaí conartha ar bun leis an dtairgeoir ar éirigh leis. Lena chois sin, tá sé i gceist leas a bhaint as socruithe, atá i bhfeidhm anois ag an Oifig um Sholáthar Rialtais (OSR), chun roinnt conarthaí eile a dhámhachtain le linn 2018.

***Rioscaí suntasacha airgeadais***

Mar a leagtar amach thuas is próiseas leanúnach atá i gcothú an chórais um rialú inmheánach airgeadais agus déantar athbhreithniú rialta ar an gcóras agus ar a éifeachtúlacht.

***Iniúchadh Inmheánach agus Coiste Iniúchta***

Dearbhaím go bhfuil feidhm iniúchta inmheánaigh ag an Oifig, ó 2015, i bhfoirm comhaontú conartha le cuideachta gairmiúil iniúchta ag a bhfuil pearsanra le hoiliúint chuí fostaithe agus a fheidhmíonn de réir chairt scríofa atá ceadaithe agamsa. Glacann sí le hanailís ar na rioscaí airgeadais atá os comhair na hOifige san áireamh agus tá a pleananna iniúchta inmheánaigh bliantúla, arna gceadú agamsa, bunaithe ar an anailís seo. Tá sé mar aidhm ag na pleananna seo na príomhrialúcháin a chlúdach go leanúnach thar thréimhse réasúnta. Déanaim féin agus an Coiste Iniúchta athbhreithniú tréimhsiúil ar an bhfeidhm iniúchta inmheánaigh. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam lena chinntiú go gcuirtear tuairiscí ón bhfeidhm iniúchta inmheánaigh i gcrích.

Bhí feidhm iniúchta inmheánaigh don Údarás i bhfeidhm le linn 2017. Ach tharraing an soláthróir conraithe siar ón gconradh ó dheireadh mhí Mheán Fómhair 2017. Tugadh faoi phróiseas soláthair i ndeireadh 2017 tríd an gCreat OGP agus ceapadh soláthróir nua i mí na Nollag 2017 go ceann téarma 3 bliana leis an rogha síneadh 12 mhí a chur leis ar dhá ócáid.

***Slándáil Teicneolaíochta Faisnéise agus Cumarsáide***

Feidhmíonn an Oifig rialaithe dea-chleachtais d'fhonn príomhrioscaí slándála a bhaineann le teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide (TFC) a mhaolú. Déantar athbhreithniú agus uasghrádú, nuair is gá, ar bhonn leanúnach ar chórais slándála TFC.

***Rialaithe Airgeadais agus Riaracháin***

Déanann an Bord Bainistíochta agus an Coiste Iniúchta athbhreithniú go rialta ar rialaithe. Breithníonn an Coiste Iniúchóireachta gach tuairisc iniúchta inmheánaigh.

***Creat Rioscaí agus Rialaithe***

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag an Oifig a aithníonn agus a thuairiscíonn na príomhríoscaí agus na gníomhartha bainistíochta atá á nglacadh chun dul i ngleic leis na rioscaí sin agus iad a mhaolú a mhéid is féidir.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm a aithníonn na príomhrioscaí atá le sárú ag an Oifig agus tá siad sin aitheanta, measúnú agus grádáil déanta orthu de réir tábhachta. Déanann an Bord Bainistíochta athbhreithniú agus nuashonrú ar na gclár ar bhonn débhliantúil. Baintear leas as torthaí na measúnachtaí sin chun acmhainní a phleanáil agus a leithroinnt chun a chinntiú go ndéantar rioscaí a bhainistiú chuig leibhéal inghlactha.

Sonraítear sa chlár rioscaí na rialaithe agus na gníomhartha atá de dhíth chun rioscaí a mhaolú agus sannann freagracht ar bhaill foirne sonracha i ndáil le feidhmiú rialaithe.

Aithníodh i dtuarascáil iniúchta inmheánaigh (Meán Fómhair 2017) laigeacht sa rialachas maidir le costais dhlíthiúla a aisghabháil agus moladh gur cheart comhréiteach rialta a bheith ann idir an Córas Bainistithe Cás agus an Córas Bainistithe Airgeadais. Chuir an Oifig an moladh sin i bhfeidhm i mí Mheán Fómhair 2017.

***Monatóireacht agus Athbhreithniú Leanúnach***

Tá nósanna imeachta foirmeálta bunaithe chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus déantar easnaimh rialaithe a chur in iúl dóibhsean atá freagrach as beart ceartaitheach a ghlacadh agus don Bhord Bainistíochta, nuair is cuí, in am trátha. Deimhním go bhfuil na príomhríoscaí agus na rialaithe bainteacha aitheanta agus go bhfuil próisis curtha i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmiú na bpríomhrialaithe seo agus aon easnaimh a aithnítear a thuairisciú.

***Athbhreithniú ar Éifeachtacht***

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag an Oifig chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht na nósanna imeachta bainistíochta riosca agus rialaithe. Cuireann obair na n-iniúchóirí seachtracha agus inmheánacha agus na bainistíochta sinsearaí laistigh den Oifig atá freagrach as creat rialaithe inmheánaigh airgeadais a fhorbairt agus a choinneáil obair mhonatóireachta na hOifige agus an t-athbhreithniú ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh ar an eolas.

***Saincheisteanna Rialaithe Inmheánaigh Airgeadais***

Níor aithníodh aon laigí sa rialú inmheánach airgeadais maidir le 2017 a raibh caillteanas ábhartha mar thoradh orthu ná a bhféadfadh sin a bheith mar thoradh orthu.

**Maria Browne**

Oifigeach Cuntasaíochta
Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit

26 Márta 2018

## Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

## Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

## Vóta 6 Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit

***Tuairim ar an gcuntas leithreasa***

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta 6 Oifig an Phriomh Aturnae Stáit don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2017 faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993.

I mo thuairimse,

- léirítear go cuí sa chuntas leithreasa na fáltais agus an caiteachas a bhain le Vóta 6 Oifig an Phriomh Aturnae Stáit don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2017
- ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

***An bonn faoi mo thuairim***

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht arna fhógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa.* Níl baint ná páirt agam le hOifig an Phríomh-Aturnae Stáit agus tá na freagrachtaí eitice eile atá orm de réir na gcaighdeán comhlíonta agam.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta a fuair mé le bonn a chur faoi mo thuairim.

***Tuairisc ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ar nithe eile***

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm le tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa*.

***Neamhchomhlíonadh le rialacha soláthair***

Tá sé nochta ag an Oifigeach Cuntasaíochta sa ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais gur tharla cásanna ábhartha neamhchomhlíonta le rialacha soláthair maidir le conarthaí a bhí ag feidhmiú i 2017.

**Seamus MacCárthaigh**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

24 Meán Fómhair 2018

# Vóta 6 Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit
# Cuntas Leithreasa 2017

| | | 2017 | | 2016 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar mheastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Caiteachas chláir** | | | | |
| A | Seirbhísí dlí a sholáthar | 33,668 | 33,132 | 30,004 |
| | **Ollchaiteachas** | **33,668** | **33,132** | **30,004** |
| | Asbhain | | | |
| B | **Leithreasaí i gCabhair** | **1,328** | **1,141** | **1,114** |
| | **Glanchaiteachas** | **32,340** | **31,991** | **28,890** |

**Barrachas**

Tá barrachas na suime a luaitear le cois an ghlanmhéid fheidhmithe dlite le géilleadh don Státchiste.

| | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| **Barrachas le géilleadh** | **348,872** | **258,277** |

**Maria Browne**

Oifigeach Cuntasaíochta
Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit

26 Márta 2018

# Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

## Nóta 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2017

| | | 2017 | 2016 |
|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** |
| Costas cláir | | 14,833 | 13,454 |
| Pá | | 15,697 | 13,978 |
| Neamhphá | | 2,602 | 2,572 |
| **Ollchaiteachas** | | **33,132** | **30,004** |
| *Luíde* | | | |
| **Leithreasaí-i-gcabhair** | | **1,141** | **1,114** |
| **Glanchaiteachas** | | **31,991** | **28,890** |
| | | | |
| **Athruithe ar shócmhainní caipitil** | | | |
| Ceannacháin airgead tirim | (387) | | |
| Dímheas | 338 | | |
| Caillteanas ar dhiúscairtí | 3 | (46) | (152) |
| | | | |
| **Athruithe ar ghlan shócmhainní reatha** | | | |
| Laghdú ar fhabhruithe deiridh | (1,229) | | |
| Méadú ar stoc | (14) | | |
| | | (1,243) | 177 |
| **Caiteachas díreach** | | **30,702** | **28,915** |
| | | | |
| **Caiteachas a tabhaíodh in áit eile** | | | |
| Glan chaiteachas ar sheirbhísí comhcheangailte (nóta 1.1) | | 2,497 | 2,077 |
| Measchíosanna | | 795 | 795 |
| **Chostas chláir ghlan** | | **33,994** | **31,787** |

### 1.1 Glan chaiteachas ar Sheirbhísí Comhcheangailte

Tá méid an ghlan chaiteachais ar sheirbhísí comhcheangailte comhdhéanta de na méideanna measta seo a leanas i ndáil le Vóta 6 a taobhaíodh in áit eile.

| | | 2017 | 2016 |
|---|---|---|---|
| | | **€000** | **€000** |
| Vóta 12 Aoisliúntas agus Liúntais Scoir | m | 1,653 | 1,186 |
| Vóta 13 Oifig na nOibreacha Poiblí | m | 814 | 865 |
| Vóta 18 Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte | m | 30 | 26 |
| | | **2,497** | **2,077** |

Tugann m luach measta nó costas cionroinnte le fios.

## Nóta 2 Ráiteas ar an Staid Airgeadais
## Ag an 31 Nollaig 2017

| | Nóta | 2017 | 2016 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| **Sócmhainní caipitil** | 2.2 | **774** | **728** |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | 2.3 | 648 | 851 |
| Stoic | | 51 | 37 |
| Réamhíocaíochtaí | | 286 | 232 |
| Ioncam fabhraithe | 2.4 | 9,631 | 9,485 |
| Iarmhéideanna dochair eile | | 179 | 139 |
| Maoiniú glan ón Státchiste atá dlite | 2.6 | 227 | (6) |
| **Sócmhainní reatha iomlána** | | **11,022** | **10,738** |
| **Lúide sócmhainní reatha** | | | |
| Costais fabhraithe | | 805 | 1,834 |
| Iarmhéideanna creidmheasaeile | 2.5 | 1,054 | 984 |
| **Dliteanais reatha iomlána** | | **1,859** | **2,818** |
| **Glan-sócmhainní reatha** | | **9,163** | **7,920** |
| **Glan-sócmhainní** | | **9,937** | **8,648** |
| **Arna léiriú i:** | | | |
| **Cuntas maoinithe stáit** | 2.1 | **9,937** | **8,648** |

### 2.1 Cuntas maoinithe stáit

| | Nóta | | 2017 | 2016 |
|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 |
| Iarmhéid ag 1 Eanáir | | | 8,648 | 8,673 |
| Eisíocaíochtaí ón Vóta | | | | |
| Soláthar mheastacháin | Cuntas | 32,340 | | |
| Barrachas le géilleadh | Cuntas | (349) | | |
| Vóta glan | | | 31,991 | 28,890 |
| Caiteachas (airgead tirim) a tabhaíodh in áit eile | 1.1 | | 2,497 | 2,077 |
| Caiteachas nach airgead tirim – measchíosanna | 1 | | 795 | 795 |
| Costas chláir ghlan | 1 | | (33,994) | (31,787) |
| **Iarmhéid ag 31 Nollaig** | | | **9,937** | **8,648** |

## 2.2 Sócmhainní caipitil

| | Trealamh oifige | Troscán agus fearais | Sócmhainní caipitil atá á bhforbairt | Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Ollsócmhainní** | | | | |
| Costas nó luacháil ag 1 Eanáir 2017 | 4,225 | 1,741 | 61 | 6,027 |
| Breiseanna | 372 | 15 | — | 387 |
| Diúscairtí | (49) | (27) | — | (76) |
| Curtha in úsáid | 61 | — | (61) | — |
| Costas nó luacháil ag 31 Nollaig 2017 | 4,609 | 1,729 | — | 6,338 |
| **Dímheas carntha** | | | | |
| Iarmhéid tosaigh ag 1 Eanáir 2017 | 3,747 | 1,552 | — | 5,299 |
| Dímheas don bhliain | 282 | 56 | — | 338 |
| Dímheas ar dhiúscairtí | (47) | (26) | — | (73) |
| Dímheas carntha amhail an 31 Nollaig 2017 | 3,982 | 1,582 | — | 5,564 |
| **Glan-sócmhainní ag 31 Nollaig 2017** | **627** | **147** | **—** | **774** |
| Glan-sócmhainní ag 31 Nollaig 2016 | 478 | 189 | 61 | 728 |

## 2.3 Banc agus airgead tirim

| ag 31 Nollaig | **2017** | **2016** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Iarmhéideanna PMG agus airgead tirim | 642 | 848 |
| Iarmhéideanna cuntais bainc tráchtála | 6 | 3 |
| | **648** | **851** |

Tá roinnt cuntas bainc tráchtála ag an OPAS. Sealbhaítear an t-airgead atá sna cuntais sin ar iontaobhas thar ceann ranna agus oifigí cliant agus tríú páirtí a bhíonn páirteach in idirbhearta maoine. Ní chuirtear aon airgead atá dlite don OPAS nó a íoctar as vóta an OPAS trí na cuntais bhainc seo. Is €1.74 milliún an méid a bhí i seilbh ag deireadh na bliana 2017 agus ní áirítear an méid sin sa chuntas (2016: €3.88 milliún).

## 2.4 Ioncam fabhraithe

Léiríonn ioncam fabhraithe na costais mheasta, nach bhfuil aisghabháilte go fóill, atá dlite don Stát. Is é polasaí na hOifige dul sa tóir ar gach costas a ngearrtar cáin orthu a dhámhtar i bhfabhar an Stáit.

## 2.5 Iarmhéideanna creidmheasa eile

| ag 31 Nollaig | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| **Suimeanna atá dlite don Stát** | | |
| Cáin Ioncaim | 387 | 360 |
| Árachas Sóisialach Pá-Choibhneasa | 212 | 188 |
| Cáin Iarchoimeádta ar Sheirbhísí Gairmiúla | 415 | 290 |
| Cáin Bhreisluacha | 7 | 6 |
| Cáin Mhaoine Áitiúil | 1 | 2 |
| | 1,022 | 846 |
| Taiscí maoine stáit | 32 | 138 |
| | **1,054** | **984** |

## 2.6 Maoiniú glan ón Státchiste atá dlite

| ag 31 Nollaig | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Barrachas le géilleadh | 349 | 258 |
| Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh | (576) | (252) |
| **Maoiniú glan ón Státchiste atá dlite** | **(227)** | **6** |
| **Arna léiriú le:** | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead tirim | 648 | 851 |
| Iarmhéideanna dochair: ar fionraí | 179 | 139 |
| | 827 | 990 |
| **Creidiúnaithe:** | | |
| Dlite don Stát | (1,022) | (846) |
| Iarmhéideanna creidmheasa: ar fionraí | (32) | (138) |
| | (1,054) | (984) |
| | **(227)** | **6** |

## 2.7 Tiomantais

| ag 31 Nollaig | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Iomlán na dtiomantais atá in-fhorfheidhmithe go dlíthiúil | **1,088** | **908** |

## 2.8 Dliteanais aibí

| ag 31 Nollaig | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Níor urscaoileadh meastachán ar dhliteanais aibí ag deireadh na bliana | 40 | 45 |

## Nóta 3 Caiteachas Vóta de réir Fo-cheannteideal

### Anailís ar chaiteachas riaracháin

Cuirtear i láthair sa nóta seo a leanas anailís ar an gcaiteachas rialachais den Vóta agus leagtar amach na cúiseanna atá leis na hathruithe suntasacha (+/- 25% agus €100,000).

| | | 2017 | | 2016 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar mheastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| i | Tuarastail, pá agus liúntais | 16,760 | 15,697 | 13,978 |
| ii | Taisteal agus cothabháil | 70 | 65 | 82 |
| iii | Oiliúint agus forbairt agus costais theagmhasacha | 813 | 1,030 | 972 |
| iv | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | 350 | 343 | 301 |
| v | Trealamh Oifige agus seirbhísí seachtracha TE | 750 | 952 | 1,002 |
| vi | Costais áitribh oifige | 275 | 190 | 171 |
| vii | Seirbhísí comhairleoireachta agus athbhreithnithe ar bheartais luach ar airgead | 50 | 22 | 44 |
| | | **19,068** | **18,299** | **16,550** |

**Athrúcháin shuntasacha**

*i.* *Tuarastail, pá agus liúntais*

Soláthar mheastacháin: € 16.8 milliún, toradh: €15.7 milliún

Ba mar thoradh ar an am a líonadh folúntais foirne, a tharla den chuid is mó sa dara leath den bhliain, a tharla an tearc-chaitheamh €1.06 milliún i gcaiteachas ar thuarastail, pá agus liúntais. Rinne an Oifig aisghabháil freisin ó ranna rialtais ar chostais foirne a bhain le obair dlí ar leith.

*iii* *Oiliúint agus forbairt agus costais theagmhasacha*

Soláthar measta: €0.81 milliún, toradh: €1.03 milliún

Ba mar thoradh ar (a) caiteachas níos mó ar oiliúint agus ar fhorbairt (forbairt ghairmiúil leanúnach san áireamh) agus (b) na costais arda leanúnacha chun an Oifig a rith (e.g. slándáil, glanadh) den chuid is mó an t-ardú €0.22 milliún i gcaiteachas sa bhfo-cheannteideal seo.

*v.* *Trealamh oifige agus seirbhísí seachtracha TF*

Soláthar measta: €0.75 milliún, toradh: €0.95 milliún

Ba mar thoradh ar an gcostas a bhain le huasghrádú a dhéanamh ar an gcóras bainistíochta cásanna agus córas nua bainistíochta taifead a thabhairt isteach a bhí an méadú €0.20 milliún faoin bhfo-cheannteideal seo.

## Clár A Seirbhísí dlí a sholáthar

| | | 2017 | | 2016 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar mheastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| A.1 | Riarachán - pá | 16,760 | 15,697 | 13,978 |
| A.2 | Riarachán – neamhphá | 2,308 | 2,602 | 2,572 |
| A.3 | Seirbhísí seachtracha dlí | 200 | 235 | 217 |
| A.4 | Táillí abhcóide | 13,000 | 13,627 | 12,137 |
| A.5 | Costais ghinearálta dlí | 1,400 | 971 | 1,100 |
| | | **33,668** | **33,132** | **30,004** |

**Athrúcháin shuntasacha**

Ar an iomlán, bhí an caiteachas a bhain le Clár A €0.53 milliún níos lú ná mar a bhí soláthraithe. Bhí an coigilteas seo comhdhéanta de chomhiomlán (a) coigilteas €0.76 milliún maidir le caiteachas riaracháin agus atá mínithe cheana féin agus (b) barrachas €0.23 milliún mar gheall ar na nithe seo a leanas:

*A.4 Táillí abhcóide*

Soláthar mheastacháin: €13 milliún, toradh: €13.63 milliún

Bhain an róchaiteachas €0.63 milliún i gcomparáid leis an soláthar measta le cásanna ardphróifíle agus casta a raibh an Oifig ag plé leo i rith na bliana agus tréchur níos tapa ná mar a raibh súil leis sna cúirteanna i roinnt cásanna.

*A.5 Costais ghinearálta dlí*

Soláthar mheastacháin:: €1.40 milliún, toradh: €0.97 milliún

Is mar thoradh ar an neamhchinnteacht a bhaineann leis an dul chun cinn a dhéanann cásanna sna cúirteanna an t-easnamh i gcaiteachas.

# Nóta 4 Fáltais

## 4.1 Leithreasaí-i-gcabhair

| | | 2017 | | 2016 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Measta** | **Réadaithe** | **Réadaithe** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| 1. | Costais agus táillí a fuair Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit | 500 | 397 | 414 |
| 2. | Fáltais ó asbhaintí a bhaineann le pinsin ó luach saothair na seirbhíse poiblí | 828 | 744 | 700 |
| | | **1,328** | **1,141** | **1,114** |

**Athrúcháin shuntasacha**

Tríd is tríd, bhí leithreasaí-i-gcabhair €0.19 milliún níos lú ná mar a measadh.

Leagtar amach thíos míniú ar na hathruithe:

*1. Costais agus táillí a fuair Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit*

Soláthar mheastacháin: €0.5 milliún, toradh: €0.4 milliún

Ní féidir in aon bhliain a thuar go cruinn na costais a dhámhfar ar an Stát ná na táillí a aisghabhfar agus is mar thoradh air sin a bhí an t-easnamh €0.1 milliún.

*2. Fáltais ó asbhaintí a bhaineann le pinsin ó luach saothair na seirbhíse poiblí*

Soláthar mheastacháin:: €0.83 milliún, toradh; €0.74 milliún

Bhí cúrsaí earcaíochta níos moille ná mar a bhí súil leis agus is mar thoradh air sin a bhí an t-easnamh €84,000.

## 4.2 Fáltais bhreise iníoctha leis an Státchiste

Lóisteáladh €19,429 san iomlán (2016: €9,652) leis an Státchiste faoin Acht Maoine Stáit 1954.

## Nóta 5 Líon Fostaithe agus Pá

### 5.1 Líon fostaithe

| | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| **An líon foirne ag deireadh na bliana** (coibhéis lánaimseartha) | **260** | **237** |

### 5.2 Pá

| | 2017 €000 | 2016 €000 |
|---|---|---|
| Pá | 14,269 | 12,743 |
| Ard-liúntais, liúntas speisialta nó liúntas do dhualgais bhreise | 111 | 106 |
| Liúntais eile | 7 | 10 |
| Ragobair | 35 | 25 |
| ÁSPC an fhastóra | 1,275 | 1,094 |
| **Pá Iomlán** | **15,697** | **13,978** |

### 5.3 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

| | Líon na bhfaighteoirí | Faighteoirí €10,000 nó níos mó | Uasíocaíoch aonair is airde 2017 € | Uasíocaíoch aonair is airde 2016 € |
|---|---|---|---|---|
| Ard-liúntais, liúntas speisialta nó liúntas do dhualgais bhreise | 42 | 2 | 24,265 | 16,707 |
| Liúntais eile | 6 | — | 1,843 | 3,328 |
| Ragobair | 17 | — | 8,502 | 4,713 |
| Breise i luach saothair níos mo na catagóir amháin | 7 | 1 | 11,380 | 9,070 |

### 5.4 Ró-íocaíochtaí párolla

€43,934 i ndáil le 41 nduine aonair (2016 : €77,611, 67 duine aonair) an méid a íocadh i ró-íocaíochtaí ag deireadh na bliana. Tá pleananna aisghabhála i bhfeidhm i ndáil le €20,058, 20 duine aonair de sin.

# Nóta 6 Ilghnéitheach

## 6.1 Nótaí maidir le táillí abhcóide

Tá córas láidir ag an OPAS chun an leibhéal oiriúnach táillí abhcóide a chinneadh ar bhonn cás go chéile. Tar éis don Ard-Aighne é/í a ainmniú, téann abhcóide i mbun na hoibre dlí agus seolann nóta táille. Déanann an OPAS meastóireacht ar gach nóta táille chun a chinneadh cén táille atá oiriúnach don obair a rinneadh, ag cur san áireamh tosca éagsúla, inter alia, castacht an cháis; an méid oibre atá déanta ag an abhcóide; agus a fheabhas a chruthaigh an t-abhcóide.

| **Nótaí maidir le táillí abhcóide**<br>ag 31 Nollaig | **Uimhir** | **Méid curtha isteach**<br>**€000** | **Luach dímheasta**<br>**€000** |
|---|---|---|---|
| Méid á lorg | 809 | 8,099 | Ar bun |
| Fabhraithe | 128 | 1,021 | 646 |

Áirítear figiúr na bhfabhruithe thuas sa méid iomlán atá á lorg. Léiríonn fabhrú dheireadh na bliana dliteanas na dtáillí abhcóide a ríomhadh nuair a bhí an próiseas meastóireachta agus measúnaithe a tugtha chun críche a scaoileadh laistigh de dhá mhí roimh dheireadh na bliana agus áirítear an figiúr sin sna speansais fhabhraithe sa ráiteas maidir leis an staid airgeadais.